2023/2655

24.11.2023

# CINNEADH (CBES) 2023/2655 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

## an 21 Samhain 2023

## lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2023)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe an tríú mír d'Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle an 16 Iúil 2012 maidir le Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh 2012/389/CBES ón gComhairle, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh, ar thogra ón Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 13 Nollaig 2022, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2022/2538 ([2]) lena gceaptar Kauko AALTOMAA mar Cheann Misin ar EUCAP Somalia ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023,

(3) An 20 Deireadh Fómhair 2023, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Kauko AALTOMAA mar Cheann Misin ar EUCAP Somalia ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 30 Aibreán 2024,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, cuirtear síneadh le sainordú Kauko AALTOMAA mar Cheann Misin ar Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 30 Aibreán 2024.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Samhain 2023.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*
D. PRONK
*An Cathaoirleach*

---

([1]) IO L 187, 17.7.2012, lch. 40.
([2]) Cinneadh (CBES) 2022/2538 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 13 Nollaig 2022 maidir le Ceann Misin Mhisean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh sa tSomáil (EUCAP Somalia) (EUCAP Somalia/1/2022) a cheapadh (IO L 328, 22.12.2022, lch. 98).